

Aonad 3 - Gníomhaíochtaí Bainistíochta |

Nótaí H1

Pleanáil

Is éard atá i gceist le pleanáil ná spriocanna a shocrú, chomh maith le bealaí a shocrú chun iad a bhaint amach.

Buntáistí na Pleanála

- Cabhraíonn an phleanáil le fostaithe díriú ar an obair.
- Coinníonn sí comhordú sa ghnó.
- Is minic a bhíonn gá leis an bpleanáil agus airgead á lorg.
- Cuireann an phleanáil fostaithe ar an eolas maidir le staid an ghnólachta.
- Is féidir torthaí a chur i gcomparáid le spriocanna.

Cineálacha Pleananna

1. Plean Straitéiseach - plean fadtéarmach arna cheapadh ag an lucht bainistíochta sinsearaí m.sh. plean chun brabúis a mhéadú 30% thar 20 bliain.
2. Plean Teaicticiúil - plean meántéarmach a d'fhéadfadh suas le 2 bhliain a chlúdach, m.sh. plean chun táirge nua a chruthú sa 2 bhliain atá romhainn.
3. Plean Teagmhais - plean gearrthéarmach le húsáid i gcás éigeandálaí ar nós tine nó tuile.
4. Plean Oibríochta - plean gearrthéarmach a leagann amach cuspóirí cinnte thar thréimhse laethúil nó seachtainiúil.
5. Ráiteas Misin - plean a thaispeánann cuspóir ginearálta an ghnólachta, a mhianta agus an cineál gnólachta ar mhaith leis na húinéirí a bhunú.

Conas Pleanáil a Dhéanamh

1. Déan an cás a mheas - caithfidh an gnólacht a láidreachtaí agus a laigí inmheánacha a mheas, chomh maith lena dheiseanna agus a bhagairtí seachtracha trí anailís LLDB a dhéanamh.
2. Spriocanna a aithint.
3. Déan an plan a dhréachtú.
4. Cuir an plan i bhfeidhm - bain úsáid as polasaithe le cinntiú go gcloíonn daoine leis.

Eagrú

Is éard atá i gceist le heagrú ná an gnólacht a shocrú ar bhealach ar leith le sprioc chomhchoiteann a bhaint amach. Tá cineálacha éagsúla struchtúir eagraíochta ann. Taispeánann struchtúir eagraíochta an chaoi a ndéanfar tascanna a tharmligean agus a roinnt, agus léiríonn siad go soiléir an slabhra ceannais agus an réise rialúcháin.

Struchtúr Eagraíochtúil Feidhmiúil

Tá an gnólacht roinnte ina ranna mar airgeadas, forbairt srl. Is féidir le struchtúr mar seo a bheith tairbheach toisc go bhfuil daoine leis na scileanna céanna ag obair le chéile agus is féidir leo a gcuid saineolais a roinnt le chéile. I measc na míbhuntáistí, bíonn na ranna scartha amach óna chéile is minic nach dtuigeann siad riachtanais na ranna eile.

Struchtúr Eagraíochtúil Táirgí

Roinntear an gnólacht ar bhonn na dtáirgí atá á ndíol. Oireann sé seo do ghnólachtaí a dhíolann táirgí éagsúla. Bíonn foireann airgeadais, foireann díolacháin agus foireann margaíochta ag gach táirge. I measc na mbuntáistí, beidh saineolas ag gach foireann ar a dtáirgí féin, rud a chabhróidh le custaiméirí. Ar an láimh eile, bíonn dúbláil i gceist mar go mbíonn an obair chéanna á déanamh ag na foirne airgeadais srl.

Struchtúr Eagraíochtúil Tíreolaíoch

Tá an ghnólacht roinnte ar bhonn suíomh tíreolaíoch. Tá a bhfoirne airgeadais, margaíochta srl. ag gach suíomh tíreolaíoch. Ligeann sé seo don chomhlacht freastal ar riachtanais aonair na margaí ach d'fhéadfadh dúbláil oibre agus dúbláil acmhainní a bheith i gceist.

Struchtúr Maitrise/Foirne

Ceanglaíonn sé seo struchtúr feidhmiúil agus struchtúr foirne. Tá daoine ó gach roinn ar na foirne ar fad. Tugann sé seo níos mó solúbthachta don ghnólacht mar go mbíonn réimse acmhainní ag na foirne ar fad, agus is féidir le gach foireann riachtanais na ranna ar fad a fheiceáil go soiléir. Cuireann sé seo cumarsáid mhaith chun cinn laistigh den ghnólacht freisin.

Slabhra Ceannais

Taispeánann sé seo an líne tharmligin (líne roinnte) sa ghnólacht agus i lucht ceannais an ghnólaigh. Taispeánann sé an méid leibhéil atá sa ghnólacht, ón mbainistíocht is sinsearaí go dtí an fhoireann oiliúna is nuaí. Taispeánann sé dúinn conas a scaiptear eolas laistigh den ghnólacht.

Réise Rialúcháin

Taispeánann sé seo líon na bhfo-oibrithe atá freagrach do gach bainisteoir. Tugtar réise leathan rialúcháin air nuair a bhíonn méid mór fo-oibrithe freagrach do bhainisteoir amháin. Oireann sé seo do phoist nach bhfuil mórán gá le cinnteoireacht, poist a mbaineann gnáthamh leanúnach leo agus poist ina bhfuil na fostaithe spreagtha. Feictear réise chúig rialúcháin nuair a bhíonn líon beag fo-oibrithe ag bainisteoir. Tá sé seo oiriúnach d'fhostaithe a dteastaíonn treoir agus maoirseacht uathu, fostaithe nach bhfuil neamhspleách.

Rialúchán

Rialú Stoic

Is gá do ghnólachtaí leibhéal seasmhach stoic a choinneáil. Caithfidh siad socruithe a dhéanamh maidir leis an uasmhéid stoic agus an t-íosmhéid stoic atá inghlactha. Úsáideann roinnt ghnólachtaí córas ar a dtugtar 'díreach in am'. Leis an gcóras seo, tagann earraí isteach sa ghnólacht díreach mar a theastaíonn siad don táirgeadh nó don díol. Úsáideann ghnólachtaí eile Idirmhalartú Leictreonach Sonraí (EDI i mBéarla). Is córas athordaithe uathoibrithe é seo, ina ndéantar stoc a ordú a luaith a shroicheann sé leibhéal áirithe.

Dúshláin maidir le Rialú Stoic

- D'fhéadfadh laghdú teacht ar leibhéil díolacháin mura bhfuil a dhóthain stoic ag gnólacht.
- Má bhíonn an iomarca stoic ag gnólacht, d'fhéadfadh go mbeadh préimh árachais níos airde le híoc mar go bhfuil níos mó stoic san áitreabh.
- Rachaidh roinnt earraí as dáta má choimeádtar rófhada iad.

Rialú Cáilíochta

Ní mór do ghnólachtaí a chinntiú go sásaíonn a gcuid táirgí caighdeáin dhlíthiúla agus go gcomhlíonann siad leis an Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980.

Is féidir cáilíocht a rialú trí na nithe seo a leanas:

- Díriú ar oiliúint foirne le cinntiú go bhfuil siad in ann na hearraí a tháirgeadh ar na caighdeáin is airde.
- Déan iniúchtaí ar bhonn rialta le cinntiú go bhfuil caighdeáin á gcomhlíonadh.
- Díriú ar Bhainistíocht Láncháilíochta (BLC).

Má dhírítear ar rialú cáilíochta, is féidir le ghnólachtaí caighdeáin sábháilteachta aitheanta mar an comhartha Q nó an Deimhniú ISO a fháil.

Rialú Creidmheasa

Is éard atá i gceist leis seo ná rialú a dhéanamh ar na gnólachtaí a ligeann duit earraí a cheannach ar cairde - 'ceannaigh anois, íoc níos déanaí'. Déantar é seo trí na céimeanna seo a leanas:

1. Déantar creidiúnacht na gcustaiméirí a sheiceáil trí thagairtí trádála a lorg.
2. Teorainneacha creidmheasa a shocrú do chustaiméirí.
3. Seoltar meabhrúcháin rialta chuig custaiméirí maidir le híocaíochtaí atá le híoc agus seoltar sonraisc amach le sonraí maidir lena gcuid ceannacháin.

Íoslaghdaíonn rialú creidmheasa an méid drochfhiacha a bhíonn ag gnólacht. Cabhraíonn sé seo leachtacht a chruthú don ghnólacht.

Rialú Airgeadais

Is éard atá i gceist le rialú airgeadais ná go maireann an gnólacht de réir a acmhainne agus go rialaíonn sé a shreabhadh airgid. Tá sé mar aidhm ag rialú airgeadais a chinntiú go mbíonn a dhóthain airgid ag an ngnólacht i gcónaí. Déantar é seo trí na céimeanna seo a leanas:

1. Réamhaisnéis sreabhadh airgid a shocrú.
2. An réamhaisnéis a chur i gcomparáid leis na torthaí.
3. Na fáthanna a raibh neamhréiteach ann a íoslaghdú. Tá baol ann go rachaidh gnólachtaí faoi leachtú mura ndéanann siad bainistiú ceart ar a gcuid airgeadais.